RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1807 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 24(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, is allmhairí iad atá faoi réir dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Jinhua Enjoycare Motive Technology Co., Ltd., ([3]) a bhfuil cód breise TARIC C419 aige, ar cuideachta é atá faoi réir dleachtráta frithchúitimh 9,2 %, chuir sé an Coimisiún ar an eolas an 21 Samhain 2022 gur athraigh sé a ainm go Enjoycare Technology (Zhejiang) Co., Ltd.

(3) D'iarr an chuideachta ar an gCoimisiún a dheimhniú nach ndéanann an t-athrú ainm aon difear do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta frithdhumpála le haghaidh 'Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn I' ab infheidhme maidir léi faoin ainm a bhí uirthi roimhe seo.

(4) Scrúdaigh an Coimisiún an fhaisnéis a soláthraíodh, agus ba é a chonclúid go raibh an t-athrú ainm cláraithe i gceart leis na húdaráis ábhartha, agus nach raibh aon ghaol nua ann dá bharr le grúpaí eile de chuideachtaí nach ndearna an Coimisiún imscrúdú orthu.

(5) Dá réir sin, ní dhéanann an t-athrú ainm difear do thorthaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72, ná go háirithe don ráta dleachta frithchúitimh is infheidhme maidir leis.

(6) Ba cheart feidhm a bheith leis an athrú ainm ón dáta a d'athraigh an chuideachta a hainm, i.e. an 22 Meán Fómhair 2022. D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a dheimhniú an raibh an dáta sin iomchuí nó nach raibh.

(7) I bhfianaise a bhfuil sna haithrisí thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 a leasú chun ainm nua na cuideachta a léiriú, ainm ar sannadh cód breise TARIC C419 dó roimhe seo.

(8) De réir Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/1037, tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 16, 18.1.2019, lch. 5).
([3]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.
([4]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 mar a leanas:

'Jinhua Enjoycare Motive Technology Co., Ltd.	Zhejiang	C419'

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin

'Enjoycare Technology (Zhejiang) Co., Ltd.	Zhejiang	C419'

2. Beidh feidhm ag cód breise TARIC C419, a bhí sannta do Jinhua Enjoycare Motive Technology Co., Ltd.. roimhe seo, maidir le Enjoycare Technology (Zhejiang) Co., Ltd. ón 22 Meán Fómhair 2022 i leith. Aon dleacht chinntitheach a íocadh ar allmhairí táirgí arna monarú ag Enjoycare Technology (Zhejiang) Co., Ltd. de bhreis ar an dleacht frithchúitimh a leagtar síos in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 a mhéid a bhaineann le Jinhua Enjoycare Motive Technology Co., Ltd., is dleacht í a dhéanfar a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN